

An Ghaeilge sa scoil

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi thuarascáil a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh an cheist seo le do ghrúpa:

Cad iad na gnéithe a thaitníonn leat agus nach dtaitníonn leat faoin rang Gaeilge sa scoil?

Ceist 2 Cad is brí leis na focail seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- suntas
- na dúshláin
- iniúchadh
- cuimsitheach
- dá leithéid
- cigireacht
- díol suntais
- tiomantas
- díomá
- cur chuige (cumarsáide)
- ag dul i ngleic le

Féach ar an mír den chéad uair agus téigh siar ar na focail thuas arís.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt:

1. Cad a deirtear faoi na figiúirí seo: 20%, 24%, 28% agus 32%?
2. Conas a bailíodh an t-eolas don tuarascáil?
3. Luadh trí phointe dhearfacha faoi mhúineadh na Gaeilge a bhí éifeachtach, cad iad?
4. Cad a bhí le rá ag Fil Uí Dhubhghaill?

Ceist 4 ‘...moladh...’

A. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?

B. Cuir na samplaí seo den bhriathar sna boscaí cearta thíos.

Insíodh, brisfear, ceanglófar, ceiliúradh, d'imreofaí, taispeántar, ghlantaí, scuabtar, briseadh, dhúntaí, éisteadh, d'fhoghlaiméofaí, luaitear, mholtaí, nitear, óltar agus thitfí.

VIFAX 05 Samhain 2013
Ardleibhéal

Aimsir chaite	Aimsir ghnáthchaite	Aimsir láithreach	Aimsir fháistineach	Modh coinníollach

C. Baintear úsáid as **ní / an / go** sna haimsirí ar fad ach amháin an aimsir chaite:

Ní bhaintí móin i mBaile Átha Cliath riamh.
Dúirt sé liom **go** n-itear a lán iasc san Iorua.
An ndéanfá sin?

Cad iad na focail a úsáidtear san aimsir chaite chun foirmeacha diúltacha, ceisteacha agus indíreacha an bhriathair a chumadh?

Ceist 5

'...ar an gcuraclam...'

A. Cuir an fhoirm cheart den fhocal atá idir lúibíní sna bearnaí.

1. Chuaigh mé go dtí an siopa atá in aice leis an (banc) _____.
2. Tá an leabhar ar an (bord) _____.
3. Ná lig don leanbh a bheith ina shuí ar an (cathaoir) _____ sin. Tá sé ródhainséarach.
4. Léim an coinín as an (poll) _____.
5. Nach bhfuil an mála atá ag an (bean) _____ sin go hálainn?
6. Beidh mé ag dul chuig an (ceolchoirm) _____ oíche anocht.
7. Nach bhfuil do chuid bróg faoin (tolg) _____?
8. Tá féasóg ar an (fear) _____ a bhfuil mé ag caint faoi.
9. Fuair mé a lán obair bhaile ón (múinteoir) _____.
10. Tá an cat faoin (fuinneog) _____.

B. Cén chanúint atá agat féin? An bhfuil na rialacha sin amhlaidh i ngach canúint?

Ceist 6

Pléigh na ceistanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

1. An gceapann tú gur teanga dheacair í an Ghaeilge? Cén fáth?
2. Cén tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge i do shaol féin?
3. Dá mbeifeá i d'Aire Oideachais, an n-athrófa aon rud faoi churaclam na Gaeilge?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

- suntas – notice/interest
- na dúshláin – the challenges
- iniúchadh – investigation
- cuimsitheach – comprehensive
- dá leithéid – of the kind
- cigireacht – inspection
- díol suntais – significance
- tiomantas – driven / commitment
- díomá – disappointment
- cur chuige (cumarsáide) – approach (communicative)
- ag dul i ngleic le – dealing with

Ceist 3

1. 20%: na ceachtanna Gaeilge ina raibh an caighdeán múinteoireachta míshásúil, sna bunscoileanna, 24%: na ceachtanna Gaeilge sna bunscoileanna a raibh fadhbanna foghlama ag baint leo, 28%: na ceachtanna ina raibh an caighdeán teagaisc Gaeilge míshásúil arís ach sna hiar-bhunscoileanna agus 32%: na ceachtanna sna hiar-bhunscoileanna ina raibh foghlaim na Gaeilge míshásúil.
2. Rinneadh cigireacht ar na mílte scoil agus bailíodh a lán eolais ó cheistneoirí a cuireadh ar idir thuismitheoirí agus dhaltáí.
3. (i) Ba léir go raibh na ceachtanna dea-phleanáilte. (ii) Bhí timpeallacht sna scoileanna a spreag úsáid rialta neamhfhoirmiúil na Gaeilge. (iii) Baineadh úsáid as an gcur chuige cumarsáide – drámaíocht, obair bheirte agus cluichí.
4. Deir sí nach bhfuil go leor ama ag múinteoirí na foghlaimeoirí a eagrú le hobair bheirte nó grúpaí a dhéanamh.

Ceist 4

Má cheapann tú go bhfuil do rang in ann dó, iarr orthu an tábla a líonadh gan aon chuidiú a thabhairt dóibh ag an tús. Is féidir, áfach, an tábla thíos a tharraing ar an gclár mar threoir roimh an ngníomhaíocht. Is féidir, freisin, an tábla a úsáid chun na rialacha a phlé tar éis na gníomhaíochta.

Aimsir chaite	Aimsir ghnáthchaite	Aimsir láithreach	Aimsir fháistineach	Modh coinníollach
fágadh cuireadh ceannaíodh bailíodh	d'fhágtáí chuirfí cheannaítí bhailítí	fágtar cuirtear ceannaítear bailítear	fágfar cuirfear ceannófar baileofar	d'fhágfaí chuirfí cheannófaí bhaileofaí

Aimsir chaite	Aimsir ghnáthchaite	Aimsir láithreach	Aimsir fháistineach	Modh coinníollach
insíodh ceiliúradh briseadh éisteadh	ghlantaí dhúntaí mholtaí	taispeántar scuabtar luaitear nitear óltar	brisfear ceanglófar	d'imreofaí d'fhoghlaimofaí thitfí

An Aimsir Chaite

Níor / ar / gur:

Níor cuireadh amach an cat.

Ar imríodh an cluiche?

Dúirt sí **gur** sábháladh gach duine.

Ceist 5

1. Chuaigh mé go dtí an siopa atá in aice leis an **mbanc**.
2. Tá an leabhar ar an **mbord**.
3. Ná lig don leanbh a bheith ina shuí ar an **gcathaoir** sin. Tá sé ródhainséarach.
4. Léim an coinín as an **bpoll**.
5. Nach bhfuil an mála atá ag an **mbean** sin go hálainn?
6. Beidh mé ag dul chuig an **gceolchoirm** oíche anocht.
7. Nach bhfuil do chuid bróg faoin **tolg**?
8. Tá féasóg ar an **bhfear** a bhfuil mé ag caint faoi.
9. Fuair mé a lán obair bhaile ón **múinteoir**.
10. Tá an cat faoin **bhfuinneog**.

Mínigh go mbíonn séimhiú seachas urú i gcanúint Uladh.

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola

I dtuarascáil nua ón Roinn Oideachais tá suntas á thabhairt do na dúshláin ar leith a bhaineann le teagasc agus le foghlaim na Gaeilge i scoileanna na tíre. Maidir leis na bunscoileanna ní raibh caighdeán theagasc na Gaeilge sásúil i bhfiche faoin gcéad de na ceachtanna a ndearnadh iniúchadh orthu agus ní raibh foghlaim na Gaeilge sásúil i gcás fiche a ceathair faoin gcéad acu. Níos airde fós a bhí na figiúirí i leith na Gaeilge sna hiar-bhunscoileanna. Ní raibh caighdeán an teagasc sásúil i bhfiche a hocht faoin gcéad de na ceachtanna agus ní raibh foghlaim na Gaeilge sásúil i gcás tríocha a dó faoin gcéad acu.

Seamus Ó Scanláin

Tuarascáil chuimsitheach í seo, an chéad cheann dá leithéid foilsithe ag an Roinn Oideachais. Tá eolas bailithe aige ó na mílte cigireacht¹ atá déanta ar scoileanna le gairid. Baintear úsáid freisin as ceistiúcháin a rinneadh ar thuismitheoirí agus daltaí. Go ginearálta tá céatadán ard sástachta ach is díol suntais cás na Gaeilge. An tríú cuid de cheachtanna meánscoileanna míshásúil, an ceathrú cuid de cheachtanna bunscoileanna mar an gcéanna. Moladh tiomantas agus iarrachtaí na múinteoirí an Ghaeilge a mhúineadh ach ba léir, a dúradh, go raibh díomá ag baint le torthaí foghlama. Ar an taobh dearfach i gcás go raibh múineadh agus foghlaim na Gaeilge éifeachtach, bhí cur chuige dea-phleanáilte. Cruthaíodh freisin, a dúradh, timpeallacht a spreag úsáid rialta neamhfhoirmiúil na Gaeilge tríd an scoil. Luadh freisin an cur chuige cumarsáide do theagasc na teanga sa scoil. Chuidigh drámaíocht, obair bheirte agus cluichí go mór leis sin. Tagann an mata féin faoi sholas sa tuarascáil seo. Go maith go ginearálta, a deirtear, ach is léir nach bhfuil daltaí ag dul i ngleic le réiteach fadhbanna mar nach gceadaítear dóibh oibriú i ngrúpaí.

Fil Uí Dhubhghaill

Bhuel ceapaim féin gurb é an chúis atá leis sin ná go mbíonn na ranganna, go leor den am, an-mhór, nach mbíonn an t-am ag múinteoirí am a chaitheamh le gasúir a dhul a réiteach ... ag obair i ngrúpaí. Nó agus bíonn na hábhair eile ar fad ar an gcuraclam le clúdach acu freisin.

Seamus Ó Scanláin

Léiríonn an tuarascáil freisin ardú ar chaiteachas oideachais sa tréimhse atá i gceist, ardú ar líon na ndaltaí sna scoileanna ach gan aon ardú ar líon na múinteoirí, rud a chiallaíonn ranganna níos mó. Fágann sin a dhúshlán féin roimh an gcóras, a dúradh.

Seamus Ó Scanláin, Nuacht TG4

¹ *cigireachtaí* a deirtear